



Treoir Phraiticiúil maidir le Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis a Fhorbairt i Seirbhísí Luathbhlianta

Clár Ábhair


Réamhrá ón Stiúrthóir Seirbhíse Náisiúnta.....	3
1.0 I dtosach.....	5
1.1 Conas an treordhoiciméad seo a úsáid	6
2.0 Tosca le breithniú agus beartais á bhforbairt agus á n-athbhreithniú	11
2.1 Na ceanglais dhlíthiúla	11
2.2 Cearta Leanaí.....	15
2.3 Éiteas na seirbhíse.....	16
2.4 Leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís agus a riachtanais aonair	16
2.5 uismitheoirí agus caomhnóirí	17
2.6 An fhoireann	17
2.7 Gníomhaireachtaí agus tacaíochtaí seachtracha	18
3.0 Prionsabail chun bonn agus taca a chur faoi bheartas agus faoi chleachtas i suíomhanna luathbhlianta agus eolas a dhéanamh dóibh	20
3.1 Leas an linbh i gcroílár gach beartas.....	20
3.2 Sábháilteacht, sláinte agus folláine leanaí a chosaint	20
3.3 Freastal ar riachtanais chúraim leanaí.....	20
3.4 Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear leanaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí	20
3.5 Comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus caomhnóirí	21
3.6 Cothromas agus ionchuimsiú.....	21
3.7 iomantas do chleachtas fianaise-bunaithe, agus ar ardcháilíocht	22
3.8 rédhearcacht agus cumarsáid	22
3.9 Amlínte	22
3.10 Cothroime	22
3.11 Monatóireacht agus athbhreithniú	22
3.12 iomantas do chur i bhfeidhm	22
4.0 Bearta réasúnacha chun tacú le próisis forbartha agus athbhreithnithe beartais	24
4.1 An próiseas forbartha beartais.....	24
4.2 Conas beartas a fhoráidíú	25
4.3 An beartas agus na nósanna imeachta a chur in iúl go héifeachtach.....	26
4.4 Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais	26
5.0 Beartas agus nósanna imeachta: Cur i bhfeidhm agus oiliúint	27
Aguisín 1 - Nósanna Imeachta Iniúchta	30
Aguisín 2: Teimpléad samplach Beartais	31
Aguisín 3: Beartais do Sheirbhísí Réamhscoile agus Aois Scoile	33

Réamhrá ón Stiúrthóir Seirbhíse Náisiúnta

Tá ríméad orm an treoirghoiciméad seo a chur i láthair, doiciméad a thagann in ionad 'Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis a Fhorbairt i Seirbhísí Oideachais agus Cúraim Luathóige: Treoir Phraiticiúil (Developing Policies, Procedures and Statements in Early Childhood Education and Care Services: A Practical Guide)', a d'fhoilsíomar den chead uair i gcomhar le Barnardos in 2018. Ag an am sin, bhíodhas tar éis na gceanglas maidir le beartais a leagan amach le déanaí i Rialacháin na Luathbhlianta (2016) agus chuireamar ár léirmhíniú ar fáil ar an méid a bhí ag teastáil ó sholáthraithe cláraithe inár gCreat Cáilíochta agus Rialála (2018). I bhfianaise an chúlra seo, agus mar Rialtóir Seirbhísí Luathbhlianta, theastaigh uainn faisnéis shonrach mhionsonraithe a chur ar fáil chun tacú le soláthraithe cláraithe a mbeartais, a nósanna imeachta agus a ráitis a fhorbairt agus bhí treoirghoiciméid 2018 ríthábhachtach chun tacú leis an earnáil beartais, nósanna imeachta agus ráitis a bhaineann go sonrach lena seirbhís a fhorbairt.

Ocht mbliana ina dhiaidh sin, tá sé tráthúil go ndéanfaimid athbhreithniú ar ár dtreoir d'earnáil na luathbhlianta. Tá an-athrú tagtha ar chúrsaí, agus tá an earnáil tagtha chun cinn agus forbartha ar an oiread sin bealaí éagsúla, dearfacha agus spreagúla ó 2018. Tá na Rialacháin a bhaineann le Seirbhísí do Leanaí in Aois Scoile a chlárú, agus rialacháin nua d'Fheighlithe leanaí tagtha i bhfeidhm anois. Tá a fhios againn go bhfuil beartais, nósanna imeachta agus ráitis ardchaighdeán agus éifeachtacha á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm ag formhór na seirbhísí luathbhlianta agus go bhfeiceann ár gCigirí go léirítear iad sna cleachtais a bhíonn le feiceáil le linn cigireachtaí i seirbhísí. Le foilsiú ár dtreoir athbhreithnithe, ba mhaith linn tuilleadh tacaíochta a thabhairt don earnáil maidir le beartais a fhorbairt, agus beartais agus nósanna imeachta éifeachtacha stuama a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an treoirghoiciméad seo, agus na nótaí treorach a ghabhann leis maidir le gach réimse beartais a cheanglaítear le rialachán, sraith acmhainní cothrom le dáta ar fáil don earnáil chun tacú le forbairt beartais.

Aithnímid agus tacaímid le hacmhainn agus neamhspleáchas soláthraithe i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm beartas agus nósanna imeachta a léiríonn a bpróifíl seirbhíse ar leith féin, agus a chomhlíonann ceanglais rialála ag an am céanna. Tá súil againn gur acmhainn phraiticiúil thacúil a bheidh sa treoirghoiciméad seo agus sinn go léir ag obair chun na torthaí is fearr a bhaint amach do leanaí. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Barnardos as an obair shuntasach a rinne siad chun an treoirghoiciméad bunaidh atá mar bhonn ag an acmhainn seo a fhorbairt in 2018. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis an méid a rinne an earnáil, an Chigireacht agus ár bpáirtithe leasmhara, go háirithe comhaltaí an fhórait Chomhairligh Rialála a thug aiseolas dúinn ar fhorbairt na sraithe acmhainní nuashonraithe agus athbhreithnithe seo. Tá Cigireacht na Luathbhlianta de chuid Tusla ag tnúth le tuilleadh comhoibrithe leis an earnáil agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir chun a chinntiú go mbeidh eispéiris dhearfacha ag leanaí agus daoine óga i gcónaí sna seirbhísí luathbhlianta a dhéanaimid a rialáil agus a iniúchadh.



Fiona McDonnell
Stiúrthóir Seirbhíse Náisiúnta
An Rialachán maidir le Seirbhísí
Leanaí

Cuid 1

1 | I dtosach



1.0 I dtosach

Tá an treoirghoiciméad seo beartaithe mar acmhainn d'earnáil na luathbhlianta, cibé acu chun beartas agus/nó ráiteas a fhorbairt den chéad uair, nó chun beartas agus/nó ráiteas atá ann cheana a nuashonrú i gcomhréir le rialáil agus dea-chleachtas. Is féidir dul i gcomhairle go leanúnach leis an doiciméad seo lasmuigh de phróisis forbartha beartais mar threoir do chleachtas machnamhach, agus chun tacú le cur chuige prionsabail i leith

Tacóidh an treoirghoiciméad seo le soláthraithe seirbhísí luathbhlianta cláraithe, lena n-áirítear seirbhísí réamhscoile agus seirbhísí do leanaí in aois scoile le forbairt beartais. Déanfar tagairt shonrach má tá ceanglas ann nach mbaineann ach le cineál seirbhíse amháin. Tá fáilte roimh fheighlithe leanaí dul i ngleic leis an treoirghoiciméad seo ach ba cheart dóibh tagairt a dhéanamh do Lámhleabhar na Seirbhísí um Fheighlíocht Leanaí ar an gcéad dul síos chun tuilleadh eolais a fháil ar a mbeartais.

cleachtais i seirbhísí luathbhlianta.

Cé go bhfuil ceanglais rialála agus dhlíthiúla ann do sholáthraithe cláraithe seirbhísí luathbhlianta beartais agus ráitis áirithe a bheith i bhfeidhm a chlúdóimid go mion sa treoirghoiciméad seo, is gá fios a bheith ann maidir le freagairt do chásanna cleachtais éagsúla riachtanach le haghaidh soláthar luathbhlianta sábháilte atá ar ardchaighdeán, leanbhcláraithe agus éifeachtach. I ndeireadh na dála, ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ag caighdeán chleachtais, comhsheasmhacht cúraim agus bealaí nua smaoineoireachta, b'fhéidir, ar eispéiris an linbh laistigh den tseirbhís. Cuidíonn an cur chuige seo le cleachtais a chur chun cinn a bhfuil luachanna mar bhonn agus mar thaca acu agus a aithníonn agus a thacaíonn le cearta an linbh.

Braitheann na beartais, na nósanna imeachta agus na ráitis a theastaíonn uait do do sheirbhís luathbhlianta ar chineál an chlárúcháin, ar mhéid agus ar chomhthéacs do sheirbhíse.¹ Aithníonn na rialacháin cineálacha éagsúla seirbhísí luathbhlianta trí thosca idirdhealaitheacha amhail aois na leanaí agus na ndaoine óga atá ag freastal (réamhscoil nó seirbhís do leanaí in aois scoile) agus/nó na huaireanta oibríochta (cúram seisiúnach, páirtaimseartha, lae iomláin, buail isteach nó sealadach). I gcás go leor seirbhísí, cuirtear cúram agus oideachas ar fáil do leanaí réamhscoile agus do leanaí in aois scoile araon laistigh den aon áitreabh amháin.

Cé gur riachtanais rialála iad beartais áirithe, athróidh sonraí sonracha an bheartais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a chuirtear i bhfeidhm chun tacú leis an mbeartas i gcás gach seirbhíse. Trí bheartais agus nósanna imeachta soiléire a bheith i bhfeidhm agus tagairt a dhéanamh dóibh agus pleanáil nó cinntí á ndéanamh faoin tseirbhís, cabhrófar le cleachtais éifeachtacha bhainistíochta agus oibríochta a choinneáil. Beidh tionchar suntasach aige sin ar gach leibhéal agus i ngach gné de chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil i seirbhís ar leith.

Tá [treoirnótaí](#) ag gabháil leis an doiciméad seo do gach ceann de na beartais a cheanglaítear ar sheirbhísí luathbhlianta a shealbhú faoi [Rialacháin na Seirbhíse](#)

¹ Rialacháin an Ahta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016, Cuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 (Alt 58 (G)), agus/nó Rialacháin an Ahta um Chúram Leanaí (1991) (Seirbhísí do Leanaí in Aois Scoile a Chlárú) 2018.

[Luathbhlianta \(2016\)](#) agus faoi [Sheirbhísí do Leanaí in Aois Scoile a Chlárú \(2018\)](#). I ngach treoirnóta leagtar amach na croíriachtanais don bheartas sonrach agus cuirtear breithnithe agus leideanna ar fáil chomh maith do gach ceann de na croíriachtanais chun críocha comhlíonadh rialála a léiriú do sheirbhísí réamhscoile agus do sheirbhísí do leanaí in aois scoile araon. Má tá ceanglas beartais beartaithe go sonrach do chineál seirbhíse amháin, cuirtear é sin in iúl go soiléir sa treoirnóta. Tugtar breac-chuntas i ngach teoirnóta ar dhea-chleachtas agus ar chúinsí cáilíochta is féidir a léiriú sa bheartas sonrach agus tugtar treoir iontu chomh maith maidir le conas tuilleadh faisnéise a bhaint amach faoin réimse beartais.

1.1 Conas an treirdhoiciméad seo a úsáid

Séanadh: *Déanfar an doiciméad seo, agus na nótaí treorach beartais a ghabhann leis, a nuashonrú ó am go ham de réir mar is gá. Dá bhrí sin, is fearr teacht orthu go díreach ó shuíomh gréasáin Tusla. Má dhéantar leagan a phriontáil/a íoslódáil, seans nach é an leagan is déanaí. Tá sé de fhreagracht ar an soláthraí seirbhíse a chinntiú go bhfuil siad ag obair de réir an leagain is déanaí. Ní scaipfear ar an earnáil ach faisnéis a bhaineann le nuashonruithe suntasacha.*

Mar aon leis an gcuid tosaigh seo, tá ceithre chuid sa cháipéis seo.

Cuid 2: Tosca le breithniú agus beartais á bhforbairt agus á n-athbhreithniú

Leagtar amach anseo príomhbhreithnithe chun treoir a thabhairt do sheirbhísí luathbhlianta atá ag forbairt beartas den chéad uair nó a dhéanann athbhreithniú agus nuashonrú ar a gcuid beartas.

Breathnaítear sa chuid seo ar na rudaí is gá a mheas agus beartas á fhorbairt agus cé is ceart a bheith páirteach i bhforbairt beartais.

Cuid 3: Prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag beartas agus cleachtas i suíomhanna luathbhlianta, agus a chuireann bonn eolais fúthu.

Leagtar amach sa chuid seo roinnt prionsabal chun treoir a thabhairt do sholáthraithe atá ag forbairt beartas den chéad uair nó a dhéanann athbhreithniú agus nuashonrú ar a gcuid beartas.

Cuid 4: Bearta réasúnacha chun tacú le próisis forbartha agus athbhreithnithe beartais

Leagtar amach sa chuid seo eolas maidir le próisis forbartha beartais agus treoir faoi conas beartas agus nósanna imeachta a chur in iúl ar bhealach éifeachtach.

Cuid 5: Beartas agus Nósanna Imeachta: Chur i bhfeidhm agus Oiliúint

Leagtar amach sa chuid seo den doiciméad mar is féidir beartais a chur i bhfeidhm go héifeachtach sa tseirbhís.

Síos tríd an doiciméad, úsáidimid hipearnaisc agus leabharmharcanna – tá líne faoi roinnt focal nó frásaí agus iad i dtéacs gorm. Is hipearnasc é an téacs gorm. Agus an t-eolas á léamh ar scáileán, cliceáil ar hipearnasc chun teacht ar a thuilleadh eolais ar an ábhar atá i gceist – mar shampla, seans go dtógfar an léitheoir chuig an téarma i [nGluais na dTearmaí](#), nó chuig suíomh gréasáin má tá rochtain ag do ghléas ar an idirlíon.

Más mian leat cuardach a dhéanamh ar fhocal nó ar ábhar ar leith, is féidir leat é seo a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an gcuardach nó as an bhfuinneog ‘aimsigh’. Coinnigh síos

an cnaipe 'Ctrl' agus ansin cliceáil an eochair 'F'. Nó is féidir leat dul chuig do bharra uirlisí agus cliceáil ar 'Eagar' agus an rogha 'Aimsigh' a roghnú ón roghchlár anuas.

Is éard atá sa doiciméad seo ná léirmhíniú Chigireacht Luathbhlianta Tusla ar na riachtanais maidir le beartais agus ráitis mar a leagtar amach iad i [Rialacháin na Seirbhíse Luathbhlianta \(2016\)](#) agus/nó sna [Rialacháin um Sheirbhísí do Leanaí in Aois Scoile a Chlárú \(2018\)](#).

1.2 Gluais Téarmaí

Feighlí Leanaí: Duine a reáchtálann seirbhís feighlíochta leanaí ag tabhairt aire do leanaí daoine eile (faoi bhun 15 bliana d'aois) ar feadh 2 uair an chloig ar a laghad in aghaidh an lae, i dteach an fheighlí leanaí féin. Ní bhaineann an sainmhíniú seo le daoine a thugann aire do leanaí i dteach na leanaí féin (amhail buimí agus au pairs). Oibríonn feighlithe leanaí leo féin agus ní bhíonn aon duine eile fostaithe acu chun cabhrú leo leis na leanaí a bhfuil siad ag tabhairt aire dóibh.

Seirbhísí na Luathbhlianta: Sa treoirdhoiciméad seo, cuimsíonn an téarma 'seirbhísí luathbhlianta' cúram réamhscoile agus cúram do leanaí in aois scoile. *Ba cheart d'fheighlithe leanaí tagairt a dhéanamh do Lámhleabhar na Seirbhísí um Fheighlíocht Leanaí (atá ar fáil ó do Choiste Cúraim Leanaí áitiúil ar chríochnú na hOiliúna Réamhchlárúcháin) ar an gcéad dul síos chun tuilleadh eolais a fháil faoi bheartais.*

Cothromas: De réir [Aistear](#), Creat Curaclaim na Luathbhlianta, baineann cothromas sa luath-óige le cothroime a bhaint amach agus aghaidh á tabhairt ar aon dúshlán a d'fhéadfadh a bheith roimh leanbh, naíonán nó leanbh óg mar gheall ar a gcúlra nó a gcumas.

Éiteas: Sa treoirdhoiciméad seo, úsáidimid an téarma 'éiteas' chun tagairt a dhéanamh do smaointe agus do dhearcadh na ndaoine a fheidhmíonn an tseirbhís agus a oibríonn sa tseirbhís, agus don chomhthuiscint ar bhunchuspóir, ar fhealsúnacht, ar chuspóir, ar luachanna, ar phrionsabail agus ar chreideamh na seirbhíse.

Oideolaíocht: Is í seo na conairí, na modhanna agus na cleachtais a úsáideann oideachasóir luathbhlianta, nó cleachtóir i seirbhís do leanaí in aois scoile chun oideachas a chur ar leanaí sa tseirbhís.

Beartas: Leagtar amach i mbeartas an cur chuige nó freagairt chomhroinnte shonraithe a chuireann seirbhís i bhfeidhm maidir le saincheist. Léiríonn beartais éiteas na seirbhíse. Cuireann beartais bunús faoi chinntí agus gníomhartha comhaontaithe, comhsheasmhacha agus stuama.

Nósanna Imeachta: Leagtar amach go beacht i nósanna imeachta na céimeanna, na gníomhartha agus na cleachtais atá le déanamh, de réir an bheartais ábhartha. Tacaíonn nósanna imeachta soiléire le beartais a chur chun feidhme go héifeachtach agus go sábháilte, cuidíonn siad le próisis chinnteoireachta, déanann siad soláthar do chomhsheasmhacht agus do thrédhearcacht, agus cuireann siad gach duine ar an eolas faoin rud is dócha a tharlóidh i gcás ar leith.

Réamhscoil: Seirbhís cúraim agus oideachais luath-óige a fhreastalaíonn ar leanaí 0-6 bliana d'aois nach bhfuil ag freastal ar scoil. Is féidir réamhscoil a sheachadadh mar sheirbhís sheisiúnach suas le 3.5 uair an chloig sa lá, nó mar sheirbhís pháirtaimseartha cúraim lae ina bhfreastalaíonn leanaí ar feadh suas le 5 uair an chloig nó mar chúram lae iomlán sa chás go bhfreastalaíonn siad ar feadh tréimhse níos faide. Is féidir réamhscoil a bhunú chomh maith in ionad buail isteach, i seirbhís thar oíche, nó feidhmiú mar sheirbhís shealadach. Tugtar grúpa súgartha, naíonra, nó creche orthu go coitianta. Ní mheastar gur réamhscoil iad feighlithe leanaí.

Leanbh réamhscoile: Leanbh nach bhfuil 6 bliana d'aois slánaithe aige/aici, agus nach bhfuil ag freastal ar scoil aitheanta.

Soláthraithe Cláraithe: An duine a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta sa chlár de réir an [Ahta um Chúram Leanaí, 1991](#), mar dhuine a sholáthraíonn seirbhís luathbhlianta.

Cur chuige bunaithe ar chearta: Cur chuige a chinntíonn go n-aithnítear agus go gcloítear le cearta leanaí sa tseirbhís, agus ina dtugtar meas agus cumhacht do leanaí a bheith rannpháirteach sa phróiseas. Léiríonn an cur chuige seo Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ([CNACL](#)), ina dtugtar breac-chuntas ar chearta gach linbh. Féach chomh maith Aistear (2024) ar [Chreat Churaclam na Luathóige bunaithe ar Chearta](#).

Seirbhís do Leanaí in Aois Scoile: Seirbhís a sholáthraíonn cúram, lena n-áirítear raon gníomhaíochtaí forbartha agus áineasa do leanaí faoi bhun 15 bliana d'aois, atá ag freastal ar bhunoideachas nó ar iar-bhunoideachas, lasmuigh d'uaireanta scoile. Mar shampla, seirbhís iarscoile nó seirbhís club bricfeasta.

Páirtithe leasmhara: Sa chomhthéacs seo, is iad páirtithe leasmhara na seirbhíse na daoine sin a bhfuil tionchar ag gníomhartha, cuspóirí agus beartais na seirbhíse orthu, nó ar féidir leo difear a dhéanamh dóibh. I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara ar dócha go mbeidh páirt acu i bhforbairt beartais tá soláthraithe cláraithe, baill an choiste, bainisteoirí, fostaithe agus oibrithe eile, tuismitheoirí/caomhnóirí, leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís, agus páirtithe leasmhara seachtracha eile ar féidir leo dul i bhfeidhm go hindíreach ar fhorbairt beartais amhail gníomhaireachtaí rialála agus tacaíochta agus an pobal áitiúil.

Ráiteas: Ráiteas foirmiúil i scríbhinn a thugann aghaidh ar réimse cleachtais ar leith agus a sholáthraíonn sonraí a bhaineann leis an tseirbhís aonair, lena n-áirítear riosca agus/nó díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint sa tseirbhís agus gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a bhainistiú. Féadfaidh ráiteas a bheith ina cheanglas rialála nó ina cheanglas reachtach.

Cuid 2

2 | Tosca le breithniú agus beartais á bhforbairt agus á n-athbhreithniú



2.0 Tosca le breithniú agus beartais á bhforbairt agus á n-athbhreithniú

Cuireann seirbhísí luathbhlianta seirbhís riachtanach ar fáil do leanaí, dá dteaghlaigh agus don tsochaí. Is é an príomhról atá ag soláthraithe seirbhísí luathbhlianta ná oibriú in éineacht le tuismitheoirí agus caomhnóirí chun freastal ar riachtanais agus cearta cúraim, oideachais agus forbartha na leanaí, ag céim sa saol ina bhfuil a n-eispéiris agus a ndeiseanna ríthábhachtach. Beidh tionchar díreach ag na beartais i seirbhís ar gach leanbh a fhreastalaíonn orthu. Mar sin, tá sé chomh tábhachtach go mbaineann beartais leis an tseirbhís aonair, leis na leanaí atá ag freastal, lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus lena dteaghlaigh, agus leis na fostaithe, na conraitheoirí, agus na hoibrithe neamhíoctha sa tseirbhís.

Ba cheart go mbeadh mionsonraí sna beartais maidir leis na nósanna imeachta a leantar sa tseirbhís. Ligfidh sé seo d'ionchais shoiléire maidir le mar a théann an tseirbhís i ngleic le saincheist agus mar a thacaíonn sé le cleachtas comhsheasmhach agus ardchaighdeán.

Tá roinnt réimsí nach mór do sholáthraithe cláraithe a mheas agus beartais nua á bhforbairt nó beartais atá ann cheana á n-athbhreithniú acu. Trí bhreithniú orthu seo mar fhoireann, tugtar seans don fhoireann go léir a bheith rannpháirteach sa phróiseas forbartha beartais agus chun dul i gcomhairle leo go léir. Nuair a bhíonn gach ball foirne ar an eolas faoin mbreithniú a dhéantar ar bheartas a fhorbairt, cabhraíonn sé lena chinntiú go gcuirfear an beartas agus na nósanna imeachta i bhfeidhm. Seo cuid de na breithnithe:

- Cén fáth go bhfuil an beartas seo ag teastáil?
- Cad iad na ceanglais bheartais inmheánacha agus sheachtracha?
- Conas a chosnaíonn agus a sheasann an beartas le leas na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís?

Mar fhreagra air sin, tá tosca éagsúla ann a imreoidh tionchar ar bheartais agus ar nósanna imeachta seirbhíse luathbhlianta, agus tacóidh an doiciméad seo le seirbhís agus í i mbun plé leis na tosca seo. Ba cheart na nithe seo a leanas a áireamh agus a léiriú i mbreithnithe riachtanacha ar bheartais agus ar nósanna imeachta tacaíochta:

- Riachtanais dhlíthiúla agus rialála
- Cumarsáid agus treoir ó Chigireacht na Luathbhlianta agus ó chomhlachtaí reachtúla eile
- Creataí náisiúnta agus treoir dhea-chleachtais
- Cearta an linbh
- Éiteas na seirbhíse
- Tuairimí na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís agus a riachtanais aonair
- Tuairimí tuismitheoirí agus/nó caomhnóirí
- An fhoireann (lena n-áirítear oibrithe deonacha agus mic léinn ar shocrúchán)
- Tacaíochtaí seachtracha.

2.1 Na ceanglais dhlíthiúla

Tá dualgas dlíthiúil ar Chigireacht na Luathbhlianta faoin [Acht um Chúram Leanaí 1991](#) arna leasú, chun a chinntiú go ndéantar rialáil agus monatóireacht chuí ar sheirbhísí luathbhlianta. Baintear é seo amach trí phróisis chlárúcháin agus chigireachta chun a fhíorú

go bhfuil an soláthraí cláraithe ag soláthar seirbhíse a chomhlíonann riachtanais Rialacháin an [Achta um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) 2016 agus/nó Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí \(1991\) \(Seirbhísí do Leanaí in Aois Scoile a Chlárú\) 2018](#).

2.1.1 An tAcht um Chúram Leanaí (1991) agus Cuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Alt 58(G)

Cuireann an [tAcht um Chúram Leanaí \(1991\)](#), agus na leasuithe san [Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach \(2013\)](#) Alt 58 (G) oibleagáid dhlíthiúil ar sholáthraí cláraithe seirbhíse luathbhlianta mar seo a leanas:

“Beidh sé de dhualgas ar gach duine a sholáthraíonn seirbhís luathbhlianta gach beart réasúnach a dhéanamh chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chaomhnú agus chun rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin gcuid seo a chomhlíonadh.”

Is ar an soláthraí cláraithe atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil bearta réasúnta i bhfeidhm chun gach leanbh atá ag freastal ar an tseirbhís a chosaint. Baineann bearta cosanta go sonrach le gach seirbhís agus ní mór dóibh freastal ar riachtanais chosanta na leanaí a fhreastalaíonn orthu. Ba cheart na bearta seo, mura sonraítear iad laistigh de na beartais fhorordaithe mar a leagtar amach iad i Sceideal 5 de [Rialacháin na Seirbhíse Luathbhlianta \(2016\)](#), agus/nó i Sceideal 6 de na [Rialacháin um Sheirbhísí do Leanaí in Aois Scoile \(2018\)](#) a dhoiciméadú agus/nó a chomhtháthú i mbeartas, leis na nósanna imeachta tacaíochta mionsonraithe.

Teastaíonn beartais eile i réimsí arna rialú ag reachtaíocht eile nó ag rialtóirí reachtúla eile, mar shampla, fostaíocht, sláinte agus sábháilteacht agus cosaint sonraí. Is ar an soláthraí cláraithe atá an fhreagracht a chinntiú go gcomhlíonann siad na ceanglais sin go léir.

2.1.2 Ceanglais rialála

Éilíonn rialacháin na luathbhlianta ar sholáthraithe cláraithe beartais agus ráitis shonracha a chur ar fáil. Ceanglaítear ar sheirbhísí réamhscoile 20 beartas, ráiteas um chosaint leanaí agus ráiteas cuspóra agus feidhme a bheith i bhfeidhm acu, mar atá leagtha amach i [Sceideal 5 den Acht um Chúram Leanaí 1991 \(Rialacháin na Seirbhíse Luathbhlianta 2016\)](#) agus ráiteas sábháilteachta mar atá leagtha amach i Rialachán 6 de [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) 2016](#). Ceanglaítear ar Sheirbhísí do Leanaí in Aois Scoile 6 bheartas, ráiteas um chosaint leanaí, ráiteas sábháilteachta agus ráiteas cuspóra agus feidhme a bheith i bhfeidhm acu, mar atá leagtha amach i Rialachán 10 agus Sceideal 6 de [Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) \(Seirbhísí Aoise Scoile a Chlárú\) 2018](#).

Beartais

I gcás go leor seirbhísí, d'fhéadfadh go mbeadh forluí idir beartais agus/nó ráitis. Is féidir leis na beartais riachtanacha a bheith ina mbeartais neamhspleácha nó a bheith cuimsithe laistigh de bheartais níos leithne. Mar shampla, d'fhéadfaí Beartas um Shocrú Isteach a chur san áireamh sa Bheartas Aistrithe, ach tá sé de fhreagracht ar an soláthraí cláraithe é a chur in iúl do thuismitheoirí, do bhaill foirne agus do Chigireacht na Luathbhlianta cá bhfuil na beartais seo le fáil.

Tá liosta de thionscadail 2019 le fáil in [Aquisín 3](#).

Ráitis

Tá riachtanais rialála ann go mbeadh 3 ráiteas ag seirbhísí do leanaí in aois scoile agus réamhscoile. Is iad seo a leanas na ráitis sin:

- Ráiteas Cuspóra agus Feidhme,
- Ráiteas Sábháilteachta,
- Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Ráiteas Cuspóra agus Feidhme

Tá gach seirbhís luathbhlianta uathúil, mar sin ba chóir cur síos soiléir a dhéanamh ar do sheirbhís sa Ráiteas Cuspóra agus Feidhme. Is riachtanas é Ráiteas Cuspóra agus Feidhme faoi Rialacháin na Luathbhlianta 2016 agus 2018 agus is éard atá i gceist leis ná cur síos ar an tseirbhís. Caithfear na nithe seo a leanas a bheith ann:

- Cé ar a bhfuil an tseirbhís dírithe:
- An cineál seirbhíse a chuirtear ar fáil (mar shampla - cúram lae iomlán, cúram seisiúnach, cúram páirtaimseartha, má oibríonn sé go hiomlán nó go den chuid is mó faoin aer/ trí mheán na Gaeilge).
- Na huaireanta a mbíonn an tseirbhís ag feidhmiú.
- Raon aoise na leanaí a ndéantar freastal orthu sa tseirbhís.
- Na gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil sa tseirbhís.
- Líon na leanaí ar féidir freastal orthu sa tseirbhís. Ba chóir go n-áireofaí leis sin:
 - Líon uasta na leanaí ar féidir freastal orthu sa tseirbhís,
 - Líon uasta na leanaí ar féidir freastal ar bhonn laethúil.

Chomh maith leis sin, ba cheart do sheirbhísí breithniú a dhéanamh ar chuid de na rudaí seo a leanas, nó orthu go léir:

- Bunchuspóir agus fealsúnacht na seirbhíse (aidhmeanna, cuspóirí, feidhm, luachanna, prionsabail, éiteas agus creideamh na seirbhíse).
- Táillí na seirbhíse (más ann) atá iníoctha ag tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Liosta na mbeartas, na nósanna imeachta agus na ráiteas a bhaineann leis an gcineál seirbhíse a chuirtear ar fáil a chuireann bonn eolais faoi chleachtas laistigh den tseirbhís.
- Sonraí teagmhála, amhail uimhreacha teagmhála agus ainm agus ról an duine ar féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí dul i dteagmháil leo maidir leis an tseirbhís.

Ba cheart go mbeadh an Ráiteas Cuspóra agus Feidhme ar fáil saor in aisce agus inrochtana d'aon duine ar mian leo rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin tseirbhís. Ba chóir go mbeadh gach ball foirne ar an eolas faoin Ráiteas Cuspóra agus Feidhme agus go mbeadh cur amach acu air.

Tá tuilleadh eolais maidir le misean agus fealsúnacht na seirbhíse a fhorbairt nó a athbhreithniú ar fáil sa Treoir Chleachtais Aistear Síolta - [Eilimint 4. Cleachtadh Gairmiúil](#).

Ráiteas maidir leis an gCosaint Leanaí

Tá Ráiteas Cumhdach Leanaí riachtanach do gach seirbhís luathbhlianta faoin [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#). Ba chóir go dtabharfadh Ráiteas um Chumhdach Leanaí forbhreathnú ar na bearta atá i bhfeidhm ag do sheirbhís lena chinntiú go gcosnaítear leanaí ó dhíobháil. Nuair a bheidh sé comhlánaithe, ní mór an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a

roinnt le gach ball foirne. Ní mór é a chur ar taispeáint go poiblí agus a bheith ar fáil do thuismitheoirí agus caomhnóirí, Tusla agus baill den phobal ar iarratas. Ba chóir go mbeadh cur amach ag leanaí ar an ráiteas chomh maith. Caighdeán 9 in [Síolta](#): Tá comhairle chabhrach le fáil sa mhír Sláinte agus Leas sa chomhpháirt 9.3 chun tacú le smaointeoireacht agus machnamh agus an ráiteas seo á fhorbairt.

Ba chóir na Ráitis um Chumhdach Leanaí a eagrú chun freagairt dóibh seo a leanas:

- Sonraí na seirbhíse,
- Cineál na seirbhíse,
- Prionsabail chun leanaí a chosaint ó dhíobháil laistigh den tseirbhís,
- Measúnuithe Riosca (ina luaitear na nósanna imeachta chun rioscaí a shainaithnítear a bhainistiú,
- Nósanna Imeachta mar a liostaítear iad san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015,
- Cur i bhfeidhm - Eolas a chur ar fáil faoin gcaoí a gcuirfead do Ráiteas i bhfeidhm agus cathain a dhéanfar athbhreithniú air.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar Ráitis um Chumhdach Leanaí [anseo](#).

Ráiteas sábháilteachta

Caithfidh Ráiteas Sábháilteachta a bheith ag seirbhísí luathbhlianta (gan oibreoirí aonair a áireamh). Sainmhínítear Ráiteas Sábháilteachta san [Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005](#). Ba chóir an Ráiteas Sábháilteachta a fhorbairt de réir threoir an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta: [Treoirlínte maidir le Measúnuithe Riosca agus le Ráitis Sábháilteachta](#).

Is uirlis ar líne saor in aisce é [Besmart.ie](#) a threoróidh úsáideoirí tríd an bpróiseas measúnaithe riosca ar fad, ag baint úsáide as teanga shimplí agus treoracha atá éasca lena leanúint. Nuair a bheidh sé curtha i gcrích, beidh ráiteas sábháilteachta a bhaineann go sonrach leis an láthair oibre i gceist is féidir a íoslódáil, a chur in eagar, a phriontáil agus a chur i bhfeidhm i d'áit oibre. Cláraigh, roghnaigh do chineál gnó agus ansin oibrigh trí shraith ceisteanna faoi na guaiseacha i d'ionad oibre. Ní mór ansin siúl timpeall d'ionad oibre, dul i gcomhairle le d'fhostaithe agus a chinntiú nár cailleadh aon ghuaiseacha. Nuair a bheidh sé seo déanta, is féidir do ráiteas sábháilteachta a íoslódáil, a chur in eagar agus a phriontáil.

2.1.3 Ceanglais reachtacha eile

Cé go leagtar amach sna [Rialacháin um Sheirbhís Luathbhlianta \(2016\)](#) agus sna [Rialacháin um Sheirbhísí do Leanaí in Aois Scoile \(2018\)](#) na príomhbheartais agus na ráitis a theastaíonn, tá riachtanais bheartais leagtha amach chomh maith i bpíosaí reachtaíochta eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun beartas sonrach a fhorbairt sa bhreis orthu siúd a cheanglaítear le rialacháin luathbhlianta. Tá sé de fhreagracht ar an soláthraí cláraithe a chinntiú go bhfuil na beartais riachtanacha go léir i bhfeidhm. Féadfaidh seirbhísí luathbhlianta a chinneadh a dhéanamh chomh maith beartais eile a fhorbairt nach ceanglas rialála ná reachtach iad, ach a bhaineann leis an soláthar agus leis na cleachtais shonracha sa tseirbhís.

2.1.4 Cumarsáid agus treoir ó Chigireacht na Luathbhlianta agus ó chomhlachtaí reachtúla eile

Ba cheart go ndéanadh seirbhísí tagairt i gcónaí do cheanglais na gcomhlachtaí reachtúla de réir mar a bhaineann siad leis an tseirbhís shonrach. Sa chás go scaipeann gníomhaireacht reachtúil treoir náisiúnta chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí nó

daoine fásta a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint (mar a tharla le linn phaindéim Covid), ba cheart na nósanna imeachta riachtanacha a chomhtháthú i mbeartais na seirbhíse agus a chur i bhfeidhm go hiomlán. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar na comhlachtaí reachtúla ábhartha in [Aguisín 1](#).

2.1.5 Cumarsáid agus acmhainní Chigireacht na Luathbhlianta

Tá eolas agus treoir cothrom le dáta le fáil [ar shuíomh gréasáin Chigireacht na Luathbhlianta](#) a theastaíonn chun a chinntiú go léiríonn beartais cumarsáid ón gCigireacht. Áirítear leo siúd:

- [Acmhainní/seimineáir ghréasáin](#)
- [Fógraí rialála](#)
- [Treirdhoiciméid](#)
- [Creat Cáilíochta agus Rialála](#)
- [An Doiciméad Ceisteanna agus Freagraí](#)

2.1.6 Creataí náisiúnta agus treoir dhea-chleachtas

Ba cheart go mbeadh na creataí náisiúnta luathbhlianta amhail [Aistear](#) agus [Síolta](#) agus straitéisí náisiúnta luathbhlianta lena n-áirítear [Na Chéad 5](#) mar threoir ag próisis forbartha beartais agus athbhreithnithe. Trí na caighdeáin, na prionsabail agus an treoir dhea-chleachtas a leagtar amach sna creataí agus sna doiciméid bheartais a leanúint, cabhrófar lena chinntiú go léiríonn do chur chuige i leith forbairt beartais an smaointeoireacht agus an bonn fianaise is cothroime le dáta do chleachtas luathbhlianta. Tá léiriú na gcreataí náisiúnta ina shainchomhartha de phróiseas forbartha beartais atá éifeachtach agus ar ardchaighdeán agus tacaíonn sé le comhlíonadh rialála agus le cleachtas ardchaighdeán. Mar shampla, Caighdeán 10 in [Síolta](#): Tarraingíonn eagraíocht aird ar roinnt cúinsí le haghaidh seirbhísí maidir le ráitis agus beartais chomhlíontacha. Cuireann an suíomh gréasáin [Scileanna Cothúcháin](#) tacaíochtaí agus acmhainní dea-chleachtas ar fáil maidir le próisis forbartha agus athbhreithnithe beartais a fheabhsú.

2.2 Cearta Leanaí

Tá cearta leanaí leagtha amach i [gCoinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh](#) (CNACL) 1989. Caighdeán 1 in [Síolta](#): Tacóidh Cearta an Linbh le smaointeoireacht agus machnamh ar chur chuige bunaithe ar chearta agus cabhraíonn sé leis an nasc idir an rialachán agus an creat náisiúnta cáilíochta a neartú.

Tá cearta rannpháirtíochta leanaí bunúsach do chur chuige leanbhlaraithe i leith soláthar seirbhíse luathbhlianta. Tá sé de cheart ag leanaí de gach aois páirt a ghlacadh i bpleanáil agus i gcinnteoireacht faoi nithe a théann i bhfeidhm orthu, lena n-áirítear forbairt beartais, mar atá leagtha amach in CNACL.


Tá rannpháirtíocht leanaí ina ceanglas chomh maith sa [Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht \(An Roinn Leanaí,](#)



[Míchumais agus Comhionannais, 2015](#)), in [Éirinn Óg](#) (An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, 2023) agus sa [Chéad 5](#) (An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, 2023). Ina theannta sin, is díol suntais é sna [Caighdeáin Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí](#) ag an [Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte](#). Tá rannpháirtíocht leanaí ina sainchomhartha de sholáthar seirbhíse luathbhlianta ar ardchaighdeán agus cuidíonn rannpháirtíocht leanaí i bhforbairt beartais le seirbhísí beartais agus nósanna imeachta a sholáthar a léiríonn riachtanais agus roghanna leanaí ar bhealach níos fearr.

Cé go bhfuil roinnt múnlaí ann chun tacú le rannpháirtíocht na leanaí, is í samhail Lundy (2007) an tsamhail a nglacann stát na hÉireann léi. Tá an tsamhail seo leagtha amach mar 4 ghné idirghaolmhara a mbaineann ord croineolaíoch réasúnach leo:

- **SPÁS:** Ní mór deiseanna sábháilte ionchuimsitheacha a thabhairt do leanaí chun teacht ar a dtuairimí agus na tuairimí sin a chur in iúl.
- **GUTH:** Ní mór cúnamh a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga chun a dtuairimí a chur in iúl.
- **LUCHT ÉISTEACHTA:** Ní mór cluas éisteachta a thabhairt do na tuairimí sin.
- **TIONCHAR:** Ní foláir gníomhú de réir na dtuairimí, nuair is iomchuí.



Chun tuilleadh eolais a fháil ar an tSamhail Lundy, léigh [anseo](#).

2.3 Éiteas na seirbhíse

Chun indibhidiúlacht na seirbhíse a léiriú, ba cheart cur chuige iarbhír na seirbhíse a shonrú sna beartais ar dtús, agus ansin na cleachtais agus na nósanna imeachta a thacaíonn leis an mbeartas agus na bearta sonracha go léir atá le déanamh a leagan amach. Ba cheart athbhreithniú bliantúil, nó de réir mar is gá, a dhéanamh ar bheartais chun a chinntiú go bhfuil na cleachtais dá bhforáiltear i gcomhréir le héiteas na seirbhíse. Beidh tionchar ag éiteas gach seirbhíse ar gach gné den chaoi a ndéanann sé a chuid oibre. Tá acmhainní ag an [treoir chleachtais Aistear Síolta](#), faoi Fhondúireachtaí Curaclaim, maidir le hlómhá an Linbh agus maidir le ráiteas curaclaim agus gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla eile a fhorbairt a d'fhéadfadh a bheith ina gcuidiú agus éiteas na seirbhíse á fhorbairt.

2.4 Leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís agus a riachtanais aonair

Ba chóir go n-áirítear i mbeartais agus i nósanna imeachta gach leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, chomh maith lena gcearta, a láidreachtaí, a riachtanais, a gcumas, a mianta agus a roghanna. Tacóidh cur chuige bunaithe ar chearta le comhsheasmhacht maidir le cúram ardchaighdeán a sholáthar do gach leanbh agus tacú lena riachtanais aonair. Soláthróidh sé ionchais agus treoir shoiléir don fhoireann maidir le soláthar ardchaighdeán a chur ar fáil, agus éiteas na seirbhíse mar bhonn agus mar thaca aige.

Ba cheart aois agus céim forbartha na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chur san áireamh agus beartas ar bith á dhréachtú, á fhorbairt agus á athbhreithniú, agus aon tosca sonracha soghluaisteachta, riachtanais aonair, agus gnáthaimh chúraim á gcur san áireamh, lena n-áirítear amanna béilí agus amanna codlata/néil. Mar shampla, seans gur gá nósanna

imeachta sonracha a shonrú maidir le haslonnú sábháilte leanaí atá ina gcodladh a lua i mbeartas um shábháilteacht ó dhóiteán.

Léiríonn rannpháirtíocht leanaí i bhforbairt agus athbhreithniú polasaithe cur chuige atá dírithe ar an leanbh. Tugann sé guth do leanaí i gcúrsaí a bhaineann leo. Léigh an chuid seo i gcomhar le Ranna [2.2](#) agus [3.4](#).

2.5 Tuismitheoirí agus caomhnóirí

Tá an príomhról ag tuismitheoirí agus caomhnóirí i saol na leanaí. Ba cheart do bheartais na seirbhíse faisnéis, ionchais agus dearbhuithe a thabhairt do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí faoina ndéanann an tseirbhís, agus mar a dhéantar í i réimsí cleachtais leathana, lena n-áirítear (mar shampla) earcú foirne, breoiteacht a bhainistiú, athrú clúidíní, agus súgradh faoin aer do naíonáin. Ba cheart ról na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí a mheas i mbeartais na seirbhíse, lena n-áirítear na bealaí a dtéitear i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí (mar shampla, suirbhéanna, cláir fógraí, boscaí moltaí, grúpaí fócais) a dtugtar cuireadh dóibh oibriú le chéile i bhforbairt beartais, agus an chaoi a gcuirtear cúrsaí beartais in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí. Tacóidh comhpháirtíocht ghníomhach le tuismitheoirí/caomhnóirí go dearfach leis an leanbh agus cabhróidh siad le guth an linbh a chur chun cinn laistigh den tseirbhís. Tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar bhealaí éagsúla chun polasaithe a roinnt agus a chur in iúl le gach tuismitheoir/caomhnóir, mar shampla dóibh siúd a bhfuil Béarla/Gaeilge mar dhara teanga acu nó a bhfuil riachtanais litearthachta ag baint leo.

2.6 An fhoireann

Agus polasaithe á bhforbairt nó á n-athbhreithniú, is toisc thábhachtach í an fhoireann maidir le hábhar na mbeartas araon, agus maidir leis an bpolasaí a chur i bhfeidhm. Ba chóir deiseanna rialta a thabhairt don fhoireann athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas féin, agus ar an gcaoi a bhfuil na nósanna imeachta á gcur i bhfeidhm acu mar atá leagtha amach sna polasaithe. Sa chás go bhfuil aon éagsúlachtaí nó neamhréireachtaí ann, nó sa chás nach gcloítear le beartas, ba cheart don soláthraí clárú leis nó don duine atá i gceannas deis a chur ar fáil le go mbeidh plé ann agus comhaontú. Ba chóir don idirphlé gairmiúil seo breithniú a dhéanamh ar an gcleachtas is fearr, ar riachtanais leanaí sa tseirbhís, agus ar luachanna na seirbhíse. Nuair is gá, ba cheart na beartais agus na nósanna imeachta seirbhísí a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is gá. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hoiliúint, ionduchtú agus maoirseacht foirne a athbhreithniú freisin.

2.6.1. Mic léinn ar shocrúchán oibre

Maidir le seirbhísí a bhféadfadh mac léinn a bheith acu ar shocrúchán, ba cheart go léireodh na polasaithe ábhartha na príomhghnéithe a bhaineann leis an socrúchán. Ba chóir ionchais do mhic léinn a leagan amach, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí, cearta leanaí agus breathnóireachtaí á gcur i gcrích acu mar chuid d'obair chúrsa, cosaint, rúndacht, obair foirne, agus comhpháirtíocht le tuismitheoirí. Ba chóir do beartais achoimre a thabhairt ar theorainneacha agus idirdhealú a dhéanamh idir ról an mhic léinn agus na foirne. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin, mar shampla, tagairt don chóimheas idir duine fásta agus leanbh, dualgais a bhaineann le sainriachtanais chúraim a chomhlíonadh agus taifid seirbhíse a chomhlánú.

2.7 Gníomhaireachtaí agus tacaíochtaí seachtracha

I measc na ngníomhaireachtaí seachtracha tá comhlachtaí cigireachta eile, seirbhísí tacaíochta do leanaí aonair, feabhsú cáilíochta, meantóireacht, gníomhaireachtaí comhairleacha agus tacaíochta, eagraíochtaí ionadaíochta agus ballraíochta earnála, gníomhaireachtaí forbartha pobail, ceardchumann, gníomhaireachtaí maoinithe nó aon ghníomhaireachtaí nó eagraíochtaí seachtracha cuí eile a d'fhéadfadh a bheith le cur san áireamh agus beartais shonracha á bhforbairt.

Ba cheart don tseirbhís comhoibriú leis na páirtithe leasmhara seo chun cleachtais a bhaineann lena ról a léiriú. Nuair atá seirbhís ar an láthair á seachadadh ag gníomhaireacht sheachtrach, ba cheart go mbeadh cur amach acu ar bheartais agus ar nósanna imeachta ábhartha na seirbhísí. Féach [Aguisín 1](#) le haghaidh liosta de ghníomhaireachtaí agus d'eagraíochtaí tacaíochta ábhartha.

Cuid 3

3 | Prionsabail chun bonn agus taca a chur faoi bheartas agus faoi chleachtas i suíomhanna luathbhlianta agus eolas a dhéanamh dóibh



3.0 Prionsabail chun bonn agus taca a chur faoi bheartas agus faoi chleachtas i suíomhanna luathbhlianta agus eolas a dhéanamh dóibh

Moltar na prionsabail atá leagtha amach anseo le forbairt beartais a threorú i seirbhísí luathbhlianta. Tá sé i gceist go mbeidh siad ag teacht le prionsabail [Aistear](#), [Síolta](#), na [Treoirínte Náisiúnta Cáilíochta do Sheirbhísí Cúraim Leanaí ar Aois Scoile](#), agus [le tuairisc Chigireachta Prionsabail Oideolaíochta na Luathbhlianta](#).

3.1 Leas an linbh i gcroílár gach beartas

Maidir le gach ábhar a théann i bhfeidhm ar shaol leanaí, lena n-áirítear forbairt agus cur i bhfeidhm beartais, ba cheart go mbeadh leas na leanaí mar thosaíocht. Is ionann sin agus cur chuige leanbh-lárnach agus bunaithe ar chearta a ghlacadh i leith cleachtais agus a chinntiú go bhfuil gach duine sa tseirbhís ag obair ar bhealach a chuireann leas, cearta agus leas an linbh i gcroílár a gcuid oibre. Tacaítear le cleachtas leanbh-lárnach agus bunaithe ar chearta i reachtaíocht luathbhlianta, i rialachán, agus i mbeartas, i gcreataí agus i gcoinbhinsiúin luathbhlianta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

3.2 Sábháilteacht, sláinte agus folláine leanaí a chosaint

Is éard atá i gceist le leanaí a chosaint ná an leanbh a chosaint ar dhochar agus ar ghuaiseacha, agus a sábháilteacht, a sláinte agus a folláine a chur chun cinn agus trí sin a dhéanamh, timpeallacht a chruthú a chuireann ar chumas leanaí le fás, le forbairt agus barr a chumais a bhaint amach.

Mar atá leagtha amach i Ráiteas um Chumhdach na seirbhíse, ba chóir go léireodh forbairt agus cur i bhfeidhm beartais prionsabal na cosanta, is ionann sin agus a chinntiú go bhfuil cleachtais shábháilte i bhfeidhm ar fud gach réimse den tseirbhís agus go bhfreagraíonn an fhoireann go cuí i gcónaí do leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus dá dteaghlaigh.

3.3 Freastal ar riachtanais chúraim leanaí

Ba chóir go gcinnteodh forbairt agus cur i bhfeidhm beartais go bhfreastalaítear ar riachtanais chúraim leanaí mar thosaíocht. Mar a leagtar amach in Ordlaithas Riachtanas Maslow², ní mór freastal ar bhunriachtanais leanaí maidir le bia, codladh agus scíth, foscadh, sábháilteacht agus slándáil, agus caidrimh ardchaighdeán sular féidir le leanbh leibhéil níos airde folláine agus forbartha a bhaint amach.

3.4 Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear leanaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí

Ba chóir go gcuirfeadh próisis forbartha agus athbhreithnithe beartais fáilte roimh chomhoibriú na bpáirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear baill foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí agus leanaí. Tá sé ríthábhachtach aitheantas a thabhairt do leanaí mar na príomhpháirtithe leasmhara i seirbhís Luathbhlianta agus ba cheart a dtuairimí, a mianta agus a roghanna a lorg i gcónaí, éisteacht leo agus glacadh leo ar dhóigh fhiúntach

² Maslow, A. H. (1943). A theory of human motivation. *Psychological Review*, 50 (4), 370-96.

agus beartais á bhforbairt. Is féidir leat rochtain a fháil ar acmhainní chun tacú le rannpháirtíocht sa [Chreat Rannpháirtíochta | Mol Na nÓg](#)

Aithníonn rannpháirteachas fiúntach leanaí i bpróisis forbartha beartais gur saineolaithe iad ina saol féin le léargas uathúil ar a n-eispéiris agus a bpeirspictíochtaí, agus cumarsáideoirí sciliúla a bhfuil roinnt bealaí agus teangacha acu chun a dtuairimí agus a dtaithe féin a chur in iúl. Déanann Reggio Emilia cur síos air seo mar [“céad teanga na bpáistí”](#); leis sin, feictear leanaí mar ghníomhairí gníomhacha, ag imirt tionchair agus ag idirghníomhú leis an domhan mórthimpeall orthu, agus mar lucht déanta brí, ag tógáil agus ag léirmhíniú brí ina saol.

3.5 Comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus caomhnóirí

Tá sé ríthábhachtach caidrimh agus idirghníomhaíochtaí dearfacha agus measúla a chruthú le tuismitheoirí agus caomhnóirí chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí óga agus chun iad a chur chun cinn. Leagann an [Treoir Aistear um Dhea-Chleachtas](#) béim ar am a chur ar leataobh agus spás a chruthú le haghaidh caidrimh, comhráite agus idirghníomhaíochtaí le tuismitheoirí agus le teaghlaigh.

Sainmhíníonn [Treoir Chleachtais Síolta de chuid Aistear](#) obair chomhpháirtíochta sna luathbhlianta mar chuid de thuismitheoirí, teaghlaigh agus cleachtóirí ag obair le chéile chun leas leanaí. Aithníonn gach comhpháirtí an méid a dhéanann agus a deir an duine eile, tá meas acu orthu sin agus tá sé tábhachtach dóibh. Ba chóir go mbeadh comhpháirtíocht le tuismitheoirí/ caomhnóirí, agus meas ar an ról lárnach a imríonn tuismitheoirí/caomhnóirí i saol leanaí a bheith i gcoirlár éiteas, bheartas agus chleachtais na seirbhíse.

Is ionann sin agus cumarsáid rialta agus fiúntach idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus an tseirbhís, beartas doirse oscailte a chuireann fáilte roimh thuismitheoirí/chaomhnóirí chuig an tseirbhís, agus rannpháirteachas tuismitheoirí/caomhnóirí i bpróisis bheartais, phleanála agus chinnteoireachta. D'fhéadfadh go mbeadh gá le tacaíochtaí chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí, mar shampla más dara teanga í an Béarla/Gaeilge.

3.6 Cothromas agus ionchuimsiú

I seirbhís luathbhlianta ionchuimsitheach, táfeasacht agus meas ar láidreachtaí aonair agus réimsí deacrachta agus dúshlán gach linbh. Bíonn suíomhanna ionchuimsitheacha páirteach i gcomhoibriú fiúntach le tuismitheoirí agus le gairmithe eile chun rochtain, comhionannas agus rannpháirteachas iomlán a chinntiú do gach leanbh. Is ionann seirbhís ionchuimsitheach agus chothrom agus áit ina bhfuil fáilte roimh chách agus ina bhfeiceann leanaí agus teaghlaigh iad féin léirithe sa timpeallacht. Is seirbhís í ina mothaíonn gach duine sábháilte, compordach, a bhfuil fiúntas ag baint leo agus meas léirithe orthu, agus bíonn braistint muintearais acu. Chomh maith leis sin, tá sé ar sheirbhís ina dtacaítear le cúinsí aonair gach linbh agus ina ndéantar iad a cheiliúradh. Áirítear leis sin a n-aois, a n-inscne, a n-eitneacht, a gcultúr, a reiligiún, a dteanga, a ngnéaschlaonadh, a gcumas, a míchumas agus a gcúinsí sóisialta.

Tá tuilleadh faisnéise sa [Chairt agus sna Treoirínte um Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú](#) a thacóidh le forbairt beartais. Tá coincheap an chothromais leagtha amach freisin mar phrionsabal sa [Chreat Aistear](#) athbhreithnithe.

Ba cheart doiciméid bheartais a fhorbairt trí úsáid a bhaint as teanga ionchuimsitheach. Is ionann sé sin teanga agus téarmaíocht chuí agus mheasúil a úsáid a léiríonnfeasacht ar éagsúlacht agus meas uirthi ar bhonn inscne, cultúir, cúlra socheacnamaíoch, reiligiúin, eitneacha, cumais/míchumais, agus struchtúir teaghlaigh. Agus tú ag caint faoi ghrúpaí ar

leith leanaí, smaoinigh ar théarmaíocht leanbhlárnach seachas ar theanga bunaithe ar aitheantas; is gnách gurb í an teanga leanbhlárnach an rogha níos measúla agus níos ionchuimsithí, agus an leanbh mar an ghné is riachtanaí. I gcás roinnt grúpaí, is fearr go dtiocfadh an chéannacht nó an tuairisceoir ar dtús agus mar sin is fearr é seo a sheiceáil i gcónaí agus tú i gcomhairle le páirtithe leasmhara mar chuid d'fhorbairt beartais.

3.7 Tiomantas do chleachtas fianaise-bunaithe, agus ar ardcháilíocht

Ba chóir go mbeadh forbairt beartais bunaithe ar an taighde is fearr atá ar fáil a bhaineann le réimse na luathbhlianta agus na foghlama agus an chúraim do leanaí ar aois scoile.

Cuideoidh fianaise agus eolas ó shaineolaithe gairmiúla a chomhtháthú le beartas agus cleachtas le tacú le dea-chleachtas i dtreo torthaí dearfacha a bhaint amach do leanaí agus do theaghlaigh.

3.8 Trédhearcacht agus cumarsáid

Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí a chinntiú go bhfuil gach próiseas, plean agus cinneadh a bhaineann le beartas agus cleachtas trédhearcach agus go gcuirtear in iúl go cuí iad do thuismitheoir/chaomhnóirí, do leanaí, do bhaill foirne agus d'aon duine atá ceangailte leis an tseirbhís.

3.9 Amlínte

Ba chóir do sholáthraithe a chinntiú go ndéantar próisis ceaptha agus athbhreithnithe³ beartais agus forfheidhmiú a bhainistiú laistigh de thréimhse ama réasúnta agus go gcoinnítear leanaí, tuismitheoirí agus caomhnóirí agus baill foirne ar an eolas maidir le forbairtí agus dul chun cinn go tráthúil.

3.10 Cothroime

Tá gach duine a bhfuil baint acu leis an tseirbhís i dteideal go gcaithfear go cóir leo agus go gcloífear lena dteidlíochtaí ar nósanna imeachta córa i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm beartais. Ba cheart go mbeadh tiomantas don chothroime soiléir laistigh de phróisis forbartha beartais agus cur chun feidhme beartais.

3.11 Monatóireacht agus athbhreithniú

Ba chóir go mbeadh próisis forbartha agus cur chun feidhme beartais faoi réir monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach chun seasamh le tiomantas na seirbhíse do sheirbhísí sábháilte agus ardchaighdeáin a sholáthar do leanaí óga agus dá theaghlaigh.

3.12 Tiomantas do chur i bhfeidhm

Nuair a dhéantar machnamh ar bheartais agus ar nósanna imeachta agus, níos tábhachtaí fós, nuair a chuirtear i bhfeidhm go maith iad, cothaítear comhthuisceant agus comhaontú ar an gcaoi ar cheart rudaí a dhéanamh ag an suíomh. Le go mbeidh siad éifeachtach, ní mór polasaithe a chur i bhfeidhm sa tseirbhís.

³ Ba cheart athbhreithniú bliantúil ar a laghad a dhéanamh ar bheartais, agus níos minice más gá. Maidir le réamhscoileanna, is riachtanas rialála é sin (Rialachán 14), agus moltar é do chineálacha seirbhíse eile.

Cuid 4

4 | Bearta réasúnacha chun tacú le próisis forbartha agus athbhreithnithe beartais

5 | Beartas agus nósanna imeachta: Cur i bhfeidhm agus oiliúint



4.0 Bearta réasúnacha chun tacú le próisis forbartha agus athbhreithnithe beartais

Faoin tráth seo beidh tú tar éis dul i dteagmháil leis na codanna maidir leis na tosca atá le cur san áireamh agus beartais á bhforbairt agus á n-athbhreithniú agat, agus na prionsabail chun tacú le forbairt beartais. Tá súil againn, trí dhul i ngleic leis na codanna níos luaithe, go raibh tú in ann freagra a thabhairt ar na saincheistean seo a leanas:


- Conas a léirítear éiteas do sheirbhíse sa phróiseas forbartha beartais.
- Cad ba mhaith leat go gcuirfidh do bheartais in iúl faoin gcaoi a bhfuil meas ag do sheirbhís orthu siúd a úsáideann an tseirbhís agus an fhoireann sa tseirbhís.
- Conas a léiríonn do pholasaithe riachtanais agus riachtanais leanaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus teaghlach agus an pobal a bhfuil do sheirbhís bunaithe air,
- An caoi ina bhfuil do phróisis forbartha beartais ag smaoineamh chun cinn, ag súil le haon chás ar leith, ach go bhfuil siad solúbtha go leor freisin le forbairt mar fhreagairt ar imeachtaí nó saincheistean a thagann chun cinn.

Cuimhnigh go ndéanfaidh beartais, nósanna imeachta agus ráitis éifeachtacha an méid a leanas:

- A bheith ag cloí le ceanglais dhlíthiúla agus rialála
- A bheith dírithe ar an leanbh agus leas an linbh a chur chun cinn,
- A bheith ag teacht le prionsabail agus caighdeán cháilíochta mar atá leagtha amach sna creataí luathbhlianta,
- Breithniú a dhéanamh ar na páirtithe leasmhara go léir (lena n-áirítear leanaí, tuismitheoirí agus caomhnóirí, baill foirne, lucht bainistíochta agus páirtithe leasmhara seachtracha),
- A bheith réasúnta agus praiticiúil,
- Treoir agus uirlisí a chur ar fáil lena gcur i bhfeidhm chomh maith le rialacha,
- A bheith i bhformáid atá inrochtana do gach duine agus atá éasca a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá.

4.1 An próiseas forbartha beartais

Céim 1




Pleanáil: Más féidir bunaithe ar acmhainní foirne, is smaoineamh maith é grúpa forbartha beartais a thionól le hionadaíocht ó thuismitheoirí/chaomhnóirí, ón bhfoireann agus ón mbainistíocht. Mura bhfuil sé seo indéanta, féadfaidh duine amháin an ról sin a ghlacadh, ach ba cheart dóibh a bheith sásta dul i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara go léir ag an gcéim luath seo. Is éard atá i gceist leis an gcéim seo ná réimsí beartais a shainaithint a

dteastaíonn forbairt nó athbhreithniú ina leith. Comhaontóidh an grúpa/duine an próiseas forbartha beartais agus leagfaidh sé amach na riachtanais do gach beartas atá á fhorbairt.

Smaoinigh: Baileoidh agus breithneoidh an grúpa/duine an t-eolas ábhartha ar fad ar ábhar nó ar théama an bheartais. Féach [Cuid 2](#) chun tacú leis an gcéim sin. Féach na [Nótaí Treorach Beartais](#) a ghabhann leis an treoidhoiciméad seo do gach beartas atá á fhorbairt.

Dréachtaigh: Forbróidh an grúpa/duine an chéad dréacht de na ráitis bheartais agus de na nósanna imeachta gaolmhara agus scaipfidh sé an chéad dréacht seo ar gach duine ábhartha, le hiarratas ar aiseolas faoi dháta socraithe. Cinnteofar leis sin, nuair is cuí, go rachfar i gcomhairle le leanaí maidir le hábhar an chéad dréachta, ag baint úsáid as gníomhaíochtaí teanga agus rannpháirtíochta atá oiriúnach ó thaobh forbartha de chun tacú lena rannpháirtíocht sa phróiseas.

Céim 2



Déan athmhachnamh: Tar éis aiseolas a fháil, tabhair an grúpa beartais ar ais le chéile chun anailís a dhéanamh ar aiseolas, aontú ar athruithe riachtanacha agus aon leasú riachtanacha a dhéanamh. Mura bhfuil aon ghrúpa beartais ann, déanfaidh an duine atá freagrach as an gcéad dréacht a eisiúint an t-aiseolas a bhreithniú agus aon leasuithe atá ag teastáil a dhéanamh.

Athdhréachtaigh/ceadaigh: Forbróidh an grúpa/duine beartais an dara dréacht den bheartas agus cinnteofar go síneoidh an soláthraí cláraithe/bord bainistíochta é seo. Tacóidh [Cuid 2](#) leis an gcéim sin. Féach na [Nótaí Treorach Beartais](#) a ghabhann leis an treoidhoiciméad seo do gach beartas atá á fhorbairt.

Cuir in iúl: Forbróidh an grúpa beartais/duine sainphleananna gníomhaíochta cumarsáide agus feidhmithe nuair a bheidh an beartas sínithe. Cuirfidh siad an beartas agus na nósanna imeachta in iúl do gach duine ábhartha, déanfaidh siad an fhoireann a ionduchtú ar an mbeartas agus déanfaidh siad oiliúint a phleanáil más gá. I gcomhar leis an soláthraí cláraithe/bord bainistíochta agus/nó leis an bhfoireann bainistíochta, cuirtear próiseas meastóireachta ar bun ionas gur féidir monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm.

4.2 Conas beartas a fhormaídiú

Tá sé tábhachtach struchtúr comhsheasmhach a bheith agat ag do cáipéisí beartais go léir. Tabharfaidh an fhormaid beartais atá leagtha amach sa teimpléad beartais samplach in [Aquisín 2](#) treoir duit maidir le conas doiciméid bheartais a fhormaídiú. Úsáid stíl chló leanúnach agus dath cló do do bheartais go léir. Trí chlár ábhar agus uimhreacha leathanaigh a chur isteach, cuirfear feabhas ar chur i láthair do cháipéisí beartais.

4.3 An beartas agus na nósanna imeachta a chur in iúl go héifeachtach

Nuair a bhíonn an beartas réidh le síniú agus le cur i bhfeidhm i gcleachtas, teastaíonn plean cumarsáide ionas go gcuirfear gach duine a dteastaíonn eolas uathu faoin mbeartas agus faoi na nósanna imeachta ar an eolas. Breithneoidh plean cumarsáide éifeachtach an méid seo a leanas agus freagróidh sé dóibh:

- **An lucht féachana:** I seirbhís luathbhlianta, is iad an lucht féachana ná an lucht bainistíochta, foireann, oibrithe deonacha agus conraitheoirí sa tseirbhís, leanaí, tuismitheoirí/caomhnóirí, agus aon pháirtithe leasmhara eile. Ní mór na grúpaí seo go léir a chur ar an eolas faoin mbeartas agus cóip a chur ar fáil dóibh. Ba chóir go mbeadh an t-eolas a chuirtear ar fáil do leanaí oiriúnach ó thaobh aoise agus leibhéal forbartha de.
- **An Comhthéacs:** Le go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann, níl sé oiriúnach an beartas a roinnt gan aon chomhthéacs. Bí cinnte go bhfuil a fhios ag gach duine cén fáth a bhfuil an beartas á fháil acu agus má bhonn freagrachta ag teacht uaidh sin.
- **Príomhtheachtaireachtaí:** D'fhéadfá cinneadh a dhéanamh achoimre a thabhairt ar an mbeartas agus na nósanna imeachta do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do leanaí. Sa chás sin, níl tú ach ag roinnt na bpríomhtheachtaireachtaí sa ráiteas beartais.
- **Modhanna:** Smaoinigh ar na bealaí is fearr leis an mbeartas a chur in iúl; mar shampla, féadfaidh tú nasc chuig an ráiteas beartais a phostáil ar líne nó cóipeanna a phriontáil amach lena scaipeadh agus lena dtaispeáint leis an tseirbhís. Cibé modh a roghnaíonn tú, ba chóir go mbeadh sé mar thoradh air go roinntear beartais go cuí agus go bhfuil rochtain éasca orthu, lena n-áirítear do thuismitheoirí/chaomhnóirí, do leanaí agus do pháirtithe leasmhara eile a labhraíonn Béarla/Gaeilge mar dhara teanga.

4.4 Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais

Ceanglaítear le [Rialachán 14 de Rialacháin na Luathbhlianta 2016](#) go ndéanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile athbhreithniú ar cháilíocht agus ar shábháilteacht an chúraim agus na seirbhíse a chuirtear ar fáil do leanaí, uair sa bhliain ar a laghad. Áirítear leis sin agus athbhreithniú ar bheartais, nósanna imeachta agus ráitis na seirbhíse. Ní mór taifead den athbhreithniú a choinneáil ar feadh trí bliana. Chomh maith le bheith ina riachtanas rialála, is é an cuspóir foriomlán a bhaineann le beartais a athbhreithniú ná a chinntiú go leanann siad ag tacú go leordhóthanach le cáilíocht agus le sábháilteacht an tsoláthair seirbhíse, agus le freastal ar riachtanais na leanaí agus na dteaghlach a úsáideann an tseirbhís. Chun é seo a dhéanamh, ní mór don athbhreithniú breithniú a dhéanamh ar na caighdeáin reachtaíochta, rialála agus cáilíochta is cothroime le dáta.

An próiseas athbhreithnithe beartais

Ba cheart faireachán leanúnach a dhéanamh sa tseirbhís ar chur i bhfeidhm agus éifeachtacht gach beartais. Éileofar leis sin go mbaileofar sonraí agus fianaise faoi cé chomh héifeachtach is atá na beartais agus d'fhéadfadh go n-áireofaí leis, mar shampla, breathnuithe, iniúchtaí, suirbhéanna agus aiseolas, comhairliúcháin fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus plé le leanaí agus le tuismitheoirí/caomhnóirí, athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid eile ar nós taifid timpiste agus teagmhais, taifid ghearáin/mholtaí, tuarascálacha cigireachta agus mar sin de. Bain úsáid as na cineálacha fianaise seo chun

aon athruithe riachtanacha a dhéanamh ar an mbeartas nó ar an mbealach a chuirtear i bhfeidhm é.

Tugann próiseas athbhreithnithe oscailte agus trédhearcach deis do gach duine machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas féin agus a bheith oscailte do dhúshlán, do phlé agus do dhíospóireacht, agus an malartú foghlama, aiseolas, ábhair machnaimh agus smaointe seo a úsáid chun éifeachtacht an chleachtais a chinneadh, chun réimsí a bhfuil cúram dúshlánach orthu a fhabhtcheartú, réimsí nua cleachtais a chur san áireamh, réimsí inní a fheabhsú nó a neartú agus chun cleachtas sa tseirbhís a fheabhsú ar an iomlán.

Seo cuid de na ceistanna a d'fhéadfadh tacú leis an bpróiseas athbhreithnithe:

- An gcomhlíonann nó an sáraíonn gach beartas an reachtaíocht, na rialacháin agus na treoirlínte reatha?
- An bhfuil na polasaithe dírithe ar an leanbh agus ceaptha le freastal ar riachtanais na leana atá ag freastal ar an tseirbhís?
- An bhfuil na nósanna imeachta agus na cleachtais mar atá leagtha amach sa doiciméadú beartais éifeachtach?
- Ar ardaíodh aon inní nó saincheistanna faoi bheartas agus/nó nós imeachta?
- An léiríonn na beartais agus na nósanna imeachta nádúr sonrach na seirbhíse a chuirtear ar fáil do leanaí?
- An bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta ag teacht le héiteas na seirbhíse?
- An bhfuil an t-eolas sa bheartas cothrom le dáta agus ábhartha?

5.0 Beartas agus nósanna imeachta: Cur i bhfeidhm agus oiliúint

Tar éis oibriú tríd an bpróiseas forbartha beartais, is é an chéad chéim eile sa phróiseas foriomlán ná beartais a iompú agus iad a chur i bhfeidhm. Tá cur i bhfeidhm beartais riachtanach lena chinntiú go dtugtar soláthar luathfhoghlama agus cúraim ar ardchaighdeán, sábháilte agus leanúnach do leanaí óga.

Bíonn cumarsáid éifeachtach ag teastáil ó chur i bhfeidhm ([féach 4.3 chomh maith](#)). Ní mór cumarsáid faoi bheartais, nósanna imeachta agus ráitis a bheith soiléir, inrochtana, cruinn agus cuí. Ba cheart do sholáthraithe cláraithe a chinntiú go gcuirtear gach duine a bhfuil baint acu le seirbhís nó a bhfuil tionchar ag seirbhís orthu ar an eolas faoi bheartas nua, nuashonrú ar bheartas nó athbhreithniú ar bheartas. Áirítear leis sin na baill foirne, na mic léinn, na conraitheoirí agus na hoibrithe deonacha go léir atá ag obair sa tseirbhís. Áirítear leis freisin ballraíocht ar Bhord Bainistíochta i gcás ina bhfuil feidhm aige sin. Ba chóir tuismitheoirí, caomhnóirí agus páirtithe leasmhara eile a choinneáil ar an eolas freisin faoi aon nuacht beartais nó nuashonruithe. Ba chóir leanaí sa tseirbhís a choinneáil cothrom le dáta maidir le haon nuacht beartais a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a n-eispéiris ó lá go lá sa tseirbhís.

Cuideoidh straitéis struchtúrtha agus a ndearnadh machnamh domhan air chun beartais a chur in iúl lena chinntiú go bhfuil faisnéis chruinn ar fáil do gach duine lena mbaineann. Is bealaí éifeachtacha iad fillteán beartais don fhoireann agus do lámhleabhar tuismitheora ina bhfuil achoimrí ar ráitis agus ar nósanna imeachta beartais chun mionsonraí na mbeartas a roinnt. Is féidir le leaganacha atá oiriúnach do leanaí de bheartais, de phóstaeir nó de ghrafaic faisnéise a bheith éifeachtach chun faisnéis a roinnt le leanaí.

Is féidir le cruinnithe athbheithnithe beartais nó mír ar chlár oibre seasamh beartais i gcruinnithe foirne deis mhaith a thabhairt don fhoireann mionsonraí beartais agus a nósanna imeachta a phlé agus ról agus freagrachtaí i leith chur i bhfeidhm an bheartais a shoiléiriú. Tacaíonn siad freisin le cur i bhfeidhm trí dheiseanna a chur ar fáil do bhaill foirne na sonraí sa bheartas agus sna nósanna imeachta a sheiceáil agus aon impleachtaí nó tionchair ar a gcleachtas a phlé.

I gcás roinnt réimsí beartais, **tacóidh triail nó tástáil phíolótach** le beartas nó nós imeachta nua a thabhairt isteach nó le nuashonrú ar bheartas. Nuair a thagann deireadh leis an tréimhse trialach, lorg aiseolas ón bhfoireann, ó leanaí, ó thuismitheoirí agus ó chaomhnóirí sula dtugann tú na hathruithe isteach ar bhonn foirmiúil.

Tabhair aird ar mhionsonraí beartais nó ar riachtanais shonracha beartais agus nós imeachta trí iad sin a thaispeáint i réimsí ábhartha sa tseirbhís. Mar shampla, má thaispeántar na nósanna imeachta maidir le rialú ionfhabhtaithe agus níochán láimhe sa limistéar sláintíochta, meabhrófar don fhoireann na céimeanna is gá dóibh a ghlacadh chun a léiriú go gcomhlíonann siad an beartas agus na nósanna imeachta nuair a bhíonn clúidíní á n-athrú acu nó nuair a bhíonn maoirseacht á déanamh acu ar leanaí a úsáideann an leithreas. Má thaispeántar an Beartas um lthe Sláintiúil in aice leis an roghchlár, nó an Beartas um Imeachtaí in aice le sonraí faoi imeacht atá le teacht, deimhneofar cleachtais sa tseirbhís.

Oiliúint - I gcás roinnt beartas nó nuashonruithe ar bheartais, d'fhéadfadh go mbeadh gá le hoiliúint a chur ar fáil do roinnt ball foirne nó do gach ball foirne ionas gur féidir leo na nósanna imeachta a thacaíonn leis an mbeartas a chur i bhfeidhm go hiomlán. Tá an soláthraí cláraithe freagrach as a chinntiú go bhfuil oiliúint riachtanach ar fáil.

Baill foirne nua a ionduchtú do bheartais na seirbhíse. Tá sé tábhachtach a chinntiú go gcuirtear baill foirne nua isteach ar an eolas faoi bheartais agus nósanna imeachta na seirbhíse go cúramach le linn an phróisis ionduchtaithe. I seirbhís mhór, cabhróidh sé má chuireann tú meantóir nó comrádaí ar fáil chun tacú leis an mball foirne nua. Ba cheart go mbeadh an duine seo ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt nó chun nósanna imeachta caighdeánacha a shoiléiriú agus dea-chleachtas a léiriú. Cuideoidh sé sin le baill foirne nua dul i dtaithí ar bheartais seirbhíse agus cabhróidh sé lena chinntiú go gcuireann siad i bhfeidhm iad go leanúnach.

Cuirfidh monatóireacht agus maoirseacht thacúil ionchais shoiléire ar fáil, aiseolas láithreach agus macánta, agus spreagadh dearfach do bhaill foirne agus iad ag obair chun aon athruithe a chur i bhfeidhm.

Ról agus freagrachtaí soiléire a chur ar fáil - Bí soiléir faoi cé a ghlacfaidh freagracht as cad ba chóir do bhaill foirne a thuairisciú dóibh, agus cé dóibh ar cheart dóibh tuairisc a thabhairt. Tá sé sin riachtanach toisc go bhféadfadh mearbhall a bheith mar thoradh ar easpa soiléireachta i raon feidhme agus i bhfreagracht an ról agus ionchais daoine eile. Sonraigh ról agus freagrachtaí go soiléir, go háirithe i bhfoireann mhór. Cuideoidh sé sin leis an bhfoireann a fheiceáil cá mbeidh siad maidir le reáchtáil na seirbhíse ó lá go lá agus fios a bheith acu cé atá freagrach as gach gné de chur i bhfeidhm an bheartais.

Spreag an fhoireann le ceisteanna a ardú faoi conas ba chóir dóibh beartais a chur i bhfeidhm. Spreag an fhoireann chun tacú lena chéile chun caighdeáin dea-chleachtais a chur i bhfeidhm. Cinntigh go gcuireann tú deiseanna ar fáil maidir le haiseolas leanúnach agus cumarsáid dhá threo idir an lucht bainistíochta agus an fhoireann. Tá sé sin

riachtanach mar go gcabhróidh sé le baill foirne bhainistíochta agus le baill foirne aonair araon nuair a bhraitheann siad go gcaithfidh siad aon saincheist nó imní a ardú faoin gcaoi a bhfuil beartas le cur i bhfeidhm. Tá baill foirne san áit is fearr chun aiseolas a thabhairt don lucht bainistíochta faoi aon dúshlán nó saincheist a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur i bhfeidhm beartais.

Deiseanna forbartha gairmiúla a phleanáil don fhoireann le foghlaim faoi dhea-chleachtas reatha i réimsí cleachtais ar leith. Tacaigh le smaointe nua agus spreag an fhoireann chun taighde a dhéanamh ar a dtuiscint ar chleachtais éagsúla. Faigheann foireann an-oilte an saineolas agus an t-eolas le a sainaitheint nuair a tharlaíonn droch-chleachtas. Tá sé de mhuinín acu freisin tacú lena gcomhghleacaithe le meas a bheith acu ar an dea-chleachtas. D'fhéadfadh go mbeadh sainoiliúint ag teastáil ó bhaill foirne chun roinnt beartais a chur i bhfeidhm, mar shampla, cosaint leanaí, láimhsiú agus cógais a thabhairt.

Cuir ábhair acmhainne ábhartha ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm beartais. Cuir acmhainní breise ar fáil atá mar bhonn ag beartais agus a thacaíonn leo. Tabhair dóthain eolais do bhaill foirne chun beartais a chur i bhfeidhm go rathúil. Spreagfaidh sé sin iad chun iad a chur i bhfeidhm go leanúnach.

Déan cinnte go bhfuil na ráitis bheartais atá ábhartha go háirithe do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí inrochtana go héasca dóibh féin agus do gach ball foirne. Cuimhnigh nach mbeidh gach thuismitheoir agus caomhnóir in ann rochtain a fháil go héasca ar do chumarsáid chaighdeánach i scríbhinn. Cuireann [an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh](#), leideanna ar fáil chun do chuid ábhar a dhéanamh níos éasca le léamh agus le tuiscint, go háirithe do dhaoine fásta a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu [Leideanna Scríbhneoireachta agus Deartha ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh](#). Is féidir go mbeidh ort suí síos le roinnt thuismitheoirí nó caomhnóirí agus iad a labhairt trí na príomhráitis beartais (na cinn atá san áireamh i do lámhleabhar do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí go háirithe). Spreag iad le ceisteanna a chur. D'fhéadfá smaoineamh freisin ar chuid de do phríomhráitis beartais a thaifeadadh mar phodchraoladh do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí.

Fillteán beartais nó lámhleabhar - Ní mór duit d'fhillteán polasaí nó do lámhleabhar a choinneáil in áit inrochtana. Is féidir é seo a bheith i gcóip chrua nó i bhformáid leictreonach. Ba chóir go mbeadh cóip chrua ar fáil go héasca. Má bhaineann tú úsáid as leagan leictreonach, déan cinnte go bhfuil sé sin inrochtana go héasca ar líne. Ní mór dóibh siúd go léir a úsáideann, a oibríonn mar chuid nó a bhainistíonn an tseirbhís a bheith ar an eolas faoin áit leis an bhfillteán beartais agus a bheith in ann ó a léamh go héasca ag am ar bith.

Aguisín 1 - Nósanna Imeachta Iniúchta

Chomh maith leis na hacmhainní a hipearnascadh nó atá ann mar threoir sa doiciméad seo agus sna bileoga faisnéise beartais aonair, féadfaidh na gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí reachtúla agus deonacha/pobail seo a leanas, acmhainní agus suíomhanna gréasáin tacú le próisis forbartha beartais nó le gnéithe díobh freisin.

- AIM/Better Start. [Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch](#)
- Barnardos [An Leabharlann agus an tIonad Eolais](#)
- Better Start. [Seirbhís Forbartha Cáilíochta](#)
- [Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga](#)
- [Cumann Náisiúnta Feighlíocht Leanaí na hÉireann](#)
- [Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí](#)
- [Comhar Naíonraí na Gaeltachta](#)
- [An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí](#)
- [An Coimisinéir Cosanta Sonraí](#)
- [Cigireacht na Roinne Oideachais](#)
- RLMC [An Mol Foghlama um Scileanna a Chothú](#)
- RLMC. [Na Chéad 5.](#)
- [Luath-óige Éireann](#)
- [Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.](#)
- [Gaeloideachas](#)
- [An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta](#)
- [Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte](#)
- [An Lárionad Faire um Chosaint Sláinte](#)
- FSS [Naíonáin agus Leanaí](#)
- FSS. [Sláinte Comhshaoil](#)
- [Clár LINC](#)
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais: [Leanaí faoi mhíchumas sa réamhscoil](#)
- [An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta](#)
- [An Líonra Náisiúnta um Chúram Leanaí](#)
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta: [Luath-óige](#)
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí- [Luathbhlianta](#)
- [Ombudsman do Leanaí](#)
- Pobal. [Cúram agus Oideachas na Luath-Óige](#)
- Pobal [Bainistíocht Níos Fearr a Dhéanamh - Treoir maidir le Dea-Rialachas i gCleachtas a Chur i bhFeidhm](#)
- Tusla. [Cigireacht na Luathbhlianta](#)
- [Cumann San Nioclás Montessori na hÉireann](#)
- [An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre](#)

Má tá tú ar an eolas faoi acmhainn, gníomhaireacht, nó suíomh gréasáin eile a d'fhéadfadh tacú le forbairt beartais, déan teagmháil le rpdd@tusla.ie agus iarr go gcuirfear san áireamh é.

Aguisín 2: Teimpléad samplach Beartais

1. Teideal agus uimhir an bheartais	Roghnaigh ainm atá simplí agus tuairisciúil go cuí agus tabhair uimhir do gach beartas.
2. An réasúnaíocht nó an comhthéacs don bheartas	Is féidir leat anseo achoimre a thabhairt ar na cúiseanna atá le beartas ar leith a fhorbairt. Ba chóir go n-áireofaí sa chuid seo reachtaíocht agus ceanglais rialála ábhartha, beartas náisiúnta luathbhlianta, lena n-áirítear na creataí luathbhlianta, cearta, riachtanais leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís, agus páirtithe leasmhara eile de réir mar is cuí, a bhfuil sé beartaithe leis an mbeartas iad a thabhairt san áireamh, chomh maith le haon fhaisnéis chomhthéacsúil ábhartha eile.
3. Gluais téarmaí (más gá)	D'fhéadfá cinneadh a dhéanamh sainmhínithe agus mínithe a sholáthar ar théarmaí a úsáidtear sa bheartas, nó téarmaí a bhfuil brí ar leith leo i gcomhthéacs beartais ar leith. Tá sé tábhachtach do bheartas a scríobh agus úsáid á bhaint as Gnáth-Bhéarla/Gaeilge, agus é a dhéanamh inrochtana do bhaill foirne, do thuismitheoirí/do chaomhnóirí agus do leanaí de réir mar is cuí. B'fhéidir go mbeidh ort smaoineamh freisin ar aistriúchán ar an mbeartas ag brath ar riachtanais na leanaí agus na dteaghlach a bhaineann leas as do sheirbhís.
4. Ráiteas Beartais.	Aithnítear sa Ráiteas Beartais na treoiphriomsabail don bheartas agus tugtar breac-chuntas ar chur chuige na seirbhíse i leith saincheiste, nó ar an gcaoi a bhfuil sé i gceist ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar shaincheist a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa tseirbhís. Is féidir leis na ráitis beartais tionchar a imirt ar chinntí agus ar ghníomhartha atá le déanamh atá laistigh de raon feidhme an bheartais agus iad a chinneadh. Beidh sé gearr go leor mar achoimre go go hiondúil nó is cur chuige foriomlán na seirbhíse é mar fhreagairt ar an réimse beartais.
5. Na nósanna imeachta, na cleachtais agus na prótacail.	Agus na croícheanglais don réimse beartais mar atá leagtha amach sa Nóta Treorach Beartais ábhartha á léiriú, tabhair achoimre ar na gníomhartha, na céimeanna agus/nó an treoír shonrach atá le leanúint leis an mbeartas a chur i bhfeidhm. Chomh maith le gníomhaíochtaí nó céimeanna atá le cur chun feidhme agus le tabhairt faoi deara, ba cheart go n-áireofaí sa chuid seo amlínte, ról shonracha agus freagrachtaí sonracha a shainaithint maidir le gníomhaíochtaí agus céimeanna a chur chun feidhme/a bhreathnú, agus na bealaí ina ndéantar iad a thaifeadadh, a mhonatóiriú agus a mheas. Ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar na gníomhartha a dhéanfar mura gcuirtear an beartas i bhfeidhm nó mura gcomhlíontar é.
6. Aon bheartas agus nósanna imeachta gaolmhara agus aon fhoirm, teimpléid nó seicliostaí atá ag teastáil.	Liostaigh na doiciméid ghaolmhara a theastaíonn chun an beartas a thuiscint agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach. D'fhéadfadh siad seo a bheith ina n-aguisíní leis an doiciméad beartais.

7. Eolas breise.	Teagmháil: An t-ainm agus na sonraí teagmhála don té ar féidir leis/léi tuilleadh eolais a chur ar fáil maidir le gné ar bith den bheartas áirithe. Dáta: Tabhair an dáta ar aontaíodh an beartas agus síníodh é lena chur i bhfeidhm. Sínithe: Ba chóir do sholáthraithe/bhainisteoirí cláraithe a d'fhaomh an beartas agus na nósanna imeachta é a shíniú. Dáta athbhreithnithe: Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar na beartais agus cé a bheidh freagrach as an ngníomh seo.
--------------------------------	--

Aguisín 3: Beartais do Sheirbhísí Réamhscoile agus Aois Scoile

Is iad seo a leanas na⁴ beartais riachtanacha agus roghnacha:

Beartas ⁵	Réamhscoil <i>Acht um Chúram Leanaí 1991 (Rialacháin na Seirbhísí Luathbhlianta) 2016</i>	Seirbhísí Aois Scoile <i>Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhís Luathbhlianta) (Clárú Seirbhísí Aois Scoile), 2018</i>
Beartas ar Thimpistí agus Teagmhais	Riachtanach	Roghnach
Beartas maidir le Leigheas a Thabhairt	Riachtanach	Riachtanach
Beartas maidir le hÚdarú chun Leanaí a Bhailiú	Riachtanach	Roghnach
Beartas maidir le Gearáin	Riachtanach	Riachtanach
Beartas maidir le Fágáil agus Bailiú Leanaí	Roghnach	Riachtanach
Beartas maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteán	Riachtanach	Riachtanach
Beartas maidir le Bia Sláintiúil	Riachtanach	Roghnach
Beartas maidir le hIonchuimsiú	Riachtanach	Roghnach
Beartas maidir le Rialú Ionfhabhtaithe	Riachtanach	Riachtanach
Beartas maidir le hlompar a Bhainistiú	Riachtanach	Riachtanach
Beartas maidir le Súgradh Allamuigh	Riachtanach ⁶	Roghnach
Beartas maidir le Turais	Riachtanach ⁷	Roghnach
Beartas maidir le Seirbhísí Thar Oíche	Riachtanach ⁸	N/B
Beartas ar Earcaíocht	Riachtanach	Roghnach
Beartas ar Riosca a Bhainistiú	Riachtanach	Roghnach
Beartas um Chodladh Sábháilte	Riachtanach	Roghnach
Beartas maidir le Socrú Isteach	Riachtanach	Roghnach
Beartas maidir le Neamhláithreachtaí Foirne	Riachtanach	Roghnach
Beartas maidir le Oiliúint Foirne	Riachtanach	Roghnach
Beartas ar Mhaoirseacht	Riachtanach	Roghnach

⁴ Bíodh is nach bhfuil sé riachtanach de réir rialála, tá roinnt polasaithe roghnach/molta i seirbhísí.

⁵ I gcomhsheirbhís, is féidir le beartas amháin an dá rud a chlúdach

⁶ Sa chás go gcuirtear a leithéid de shúgradh ar fáil

⁷ Sa chás go dtugtar leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ar thurais

⁸ I gcás ina gcuirtear seirbhís den sórt sin ar fáil amháin.

Beartas maidir le húsáid an idirlín agus gléasanna grianghrafadóireachta agus taifeadta.

Riachtanach

Roghnach

Tagairt QMS	EYI-GDE12.15
Leagan	V2.0
Dáta	12/12/2025